Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 23 Bealtaine 2025
(OR. en)

9156/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0265 (COD)**

TRANS 188
CLIMA 157
ENV 371
COMPET 396
CODEC 637

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 445 final; COM(2023) 445 annex |
| Ábhar: | Treoir lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta agus na meáchain údaraithe uasta le haghaidh feithiclí bóthair áirithe<br>– Tuarascáil ar dhul chun cinn |

## I. RÉAMHRÁ

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle an 13 Iúil 2023 mar chuid den Phacáiste um Iompar a Ghlasú.

2. Tá trí chuspóir ag gabháil leis an togra lena leasaítear Treoir 96/53/CE ón gComhairle lena leagtar síos na toisí údaraithe uasta sa trácht náisiúnta agus idirnáisiúnta agus na meáchain údaraithe uasta sa trácht idirnáisiúnta d'fheithiclí bóthair áirithe a bhíonn ag gluaiseacht laistigh den Chomhphobal, ar a dtugtar 'an Treoir maidir le Meáchain agus Toisí le haghaidh feithiclí bóthair áirithe': (a) saorghluaiseacht éifeachtúil earraí agus iomaíocht chóir a áirithiú ar bhealach níos fearr, (b) dreasachtaí leordhóthanacha a chur ar fáil don earnáil chun infheistíocht i dteicneolaíochtaí astaíochtaí nialasacha a spreagadh agus (c) a áirithiú go ndéanfar na rialacha nua agus na rialacha atá ann cheana a fhorfheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla agus níos comhsheasmhaí.

## II. AN OBAIR SNA HINSTITIÚIDÍ EILE

3. D'ainmnigh Parlaimint na hEorpa an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) mar an coiste atá freagrach as an togra seo agus Rosa SERRANO SIERRA (S&D, ES) mar rapóirtéir. Ghlac Parlaimint na hEorpa a tuarascáil ag an seisiún iomlánach a bhí aici an 12 Márta 2024.

4. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim maidir leis an togra ag an 582ú seisiún iomlánach an 26 Deireadh Fómhair 2023. Ghlac Coiste na Réigiún a thuairim ag an 159ú seisiún iomlánach an 31 Eanáir 2024.

## III. AN OBAIR I DTIONÓL NA COMHAIRLE AGUS A COMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN

5. Chuir an Mheitheal um Iompar de Thalamh tús lena cuid oibre an 24 Iúil 2023 le cur i láthair ginearálta ar an togra agus le scrúdú ar an measúnú tionchair. Rinne an Mheitheal scrúdú ar an togra an 4 agus an 19 Meán Fómhair, an 6, an 16 agus an 23 Deireadh Fómhair agus an 13 Samhain. Chuir Uachtaránacht na Spáinne tuarascáil ar dhul chun cinn faoi bhráid na Comhairle (15668/23) an 4 Nollaig 2023. Faoi Uachtaránacht na Beilge, lean an Mheitheal den scrúdú ar chomhréitigh ón Uachtaránacht an 23 Aibreán, an 7 Bealtaine, an 21 Bealtaine agus an 7 Meitheamh 2024. Chuir Uachtaránacht na Beilge an dara tuarascáil ar dhul chun cinn uaithi faoi bhráid na Comhairle (10214/24) an 18 Meitheamh 2024. Níor pléadh an togra le linn Uachtaránacht na hUngáire.

6. Faoi Uachtaránacht na Polainne, lean an Mheitheal den scrúdú ar chomhréitigh ón Uachtaránacht an 13 agus an 21 Bealtaine 2025.

## IV. AN OBAIR I DTREO COMHRÉITIGH

7. D'aithin Uachtaránacht na Polainne dhá phríomhdhúshlán. Ar an gcéad dul síos, conas cúrsaíocht feithiclí tromshaothair níos troime a áirithiú, i.e. feithiclí breosla mhalartaigh nó feithiclí astaíochtaí nialasacha, go háirithe iad siúd atá i mBallstáit a bhfuil obair fós ag teastáil iontu chun staid an ghréasáin bóithre a uasghrádú. Chuige sin, lean sé den obair ar choincheap an líonra dhearfaigh. Chuirfeadh an líonra sin ar chumas na mBallstát, más mian leo, cúrsaíocht na bhfeithiclí is troime a theorannú do líon teoranta bóithre. Leathnófaí an gréasán sin le himeacht ama chun gréasán bóithre an ghréasáin thras-Eorpaigh iompair ina iomláine a chumhdach faoi 2045. Ba é an príomhdhúshlán rialacha soiléire a bhunú chun gur bhféadfaí an líonra sin a fhorfheidhmiú, go háirithe i gcomhthéacs na gcéimeanna dá bhforáiltear maidir le méadú de réir a chéile ar a chumhdach. Beidh gá le tuilleadh oibre nó go mbeidh córas ann lena bhféadfaí forfheidhmiú níos éasca a dhéanamh ar thaobh amháin, agus dul i ngleic leis an bhfadhb a bhaineann le ró-ualú feithiclí agus staid an bhonneagair a chosaint ag an am céanna, agus ar an taobh eile ní chuirfeadh sé ualach rómhór ar na hoibreoirí iompair de bhóthar. Baineann an dara dúshlán le cúrsaíocht feithiclí 44 thona atá feistithe le hinneall dócháin breosla iontaise in oibríochtaí iompair idirmhódúla agus idirnáisiúnta. Cé go luaitear sa togra go gcuirfear deireadh leis an gcineál sin iompair de réir a chéile, mheas roinnt Ballstát nár leor é. Lean an Uachtaránacht de bheith ag obair ar choincheap an údaraithe ón gCoimisiún chun ligean do na Ballstáit stop a chur le cúrsaíocht an chineáil sin feithiclí, bunaithe ar fhianaise maidir leis an tionchar diúltach a bhaineann leis, agus ag an am céanna, coimircí a chur ar fáil lena n-áiritheofar cóir chomhionann agus cothrom iomaíochta. Mar sin féin, níl na módúlachtaí le haghaidh an chlásail coimirce sin forbartha go leibhéal a bhféadfadh an Chomhairle tacú leis go fóill. Beidh gá le tuilleadh oibre chun coincheap an chlásail coimirce a fhorbairt a thuilleadh.

## V. CONCLÚID

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Coreper agus ar an gComhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) an tuarascáil seo ar dhul chun cinn a thabhairt dá n-aire, ag an gcruinniú a bheidh acu an 28 Bealtaine agus an 5 Meitheamh 2025, faoi seach.